



Department of Education and Skills
Special Education Section
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Ciorclán Uimh 0014/2017

Ciorclán d'Údaráis Bhainistíochta gach Iar-Bhunscoil: Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachas agus Oiliúna

Leithdháileadh do Mhúinteoireacht Oideachas Speisialta

1. Cuspóir

Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná scoileanna a chur ar an eolas faoi phróiseas an leithdháileadh athbhreithnithe do Mhúinteoirí Oideachas Speisialta go hiar-bhunscoileanna príomhshrutha ón scoilbhliain 2017/18.

Tiocfaidh an próiseas leithdháilte athbhreithnithe seo in ionad na scéimeanna don Tacaíocht Foghlama agus do Bhéarla mar Thacaíocht Bhreise Teanga (TF/TBT), ina dtugtaí, go bliantúil, leithdháileadh ginearálta acmhainní d'iar-bhunscoileanna.

Tiocfaidh sé freisin in ionad próiseas leithdháilte na Comhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta (CNOS) a chur tacaíochtaí breise acmhainní teagaisc ar fáil do scoileanna, chun tacú le scolairí a raibh Míchumais Íosmhinicíochta measta acu, de réir Chiorclán ROS 70/2014 http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0070_2014_ir.pdf

Tiocfaidh sé freisin in ionad an phróisis leithdháilte d'iar-bhunscoileanna chun tacú le scolairí a bhfuil Riachtanais Speisialta Ardmhinicíochta acu, mar atá i gCiorclán ROS 0010/2012 http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Carlainne/cl0010_2012_ir.pdf

Cuirfidh an leithdháileadh nua do Múinteoireacht Oideachas Speisialta leithdháileadh comhaontaithe amháin ar fáil do ngach scoil do riachtanais teagaisc oideachas speisialta, bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile sin.

Tá an leithdháileadh amháin seo á chur ar fáil chun deis a thabhairt do scoileanna tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a sholáthar do gach scolaire sa scoil a bhfuil gá acu lena leithéid.

Déanfaidh scoileanna na hacmhainní a dháileadh bunaithe ar riachtanais foghlama aonair gach scolaire ar leith.

Tá an tslí ina ndearnadh na leithdháiltí próifílithe a fhorbairt do gach scoil leagtha amach i gCodanna 6 agus 7 den Chiorclán seo.

Cinntoidh an tsamhail leithdháilte nua go mbeidh cinnteacht bhreise ag scoileanna maidir leis na hacmhainní a bheidh ar fáil dóibh chun teagasc oideachas speisialta a sholáthar mar thaca, go leanúnach, le cuimsiú riachtanais speisialta oideachais, agus tabharfaidh a leithéid deis do scoileanna pleanáil agus clár amú níos fearr a dhéanamh don soláthar seo. Tabharfaidh próiseas leithdháilte níos luaithe deis, freisin, do scoileanna réamhphleanáil a dhéanamh don scoilbhliain.

Beidh níos mó neamhspleáchais ar fáil ag scoileanna ón tsamhail nua chun tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a bhainistiú agus a dháileadh laistigh den scoil, bunaithe ar riachtanais foghlama aonair na scolairí, seachas a leithéid a bheith bunaithe go príomha ar dhiagnóis mhíchumas.

D'fhonn tacú le scoileanna faoin dóigh a bhféadfadh siad riachtanais na scolairí a aithint agus soláthar a dhéanamh orthu, tá *Treoir le haghaidh Scoileanna* faoi eagrú agus faoi úsáid múinteoirí oideachais speisialta chun dul i ngleic le riachtanais scolairí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu leis an gCiorclán seo.

D'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Oideachais, an Cigireacht agus an Rannóg um Oideachas Speisialta *Treoir le hAghaidh Scoileanna: Ag Tacú le Páistí agus le Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha*.

2. Tacaíocht chun tús a chur leis an tSamhail Leithdháilte Nua

Tá acmhainní suntasacha breise á gcur ar fáil chun poist bhreise don Mhúinteoireacht Oideachas Speisialta a sholáthar do scoileanna ó Mheán Fómhair 2017, mar thaca le tús a chur leis an tsamhail seo.

Cuideoidh na hacmhainní breise seo le scoileanna aistriú ón gcóras leithdháilte atá ag feidhmiú le roinnt blianta anuas, chuig an tsamhail leithdháilte próifílithe nua, leis an íosmhéid míshocrachta.

Cinntoidh an soláthar breise atá á chur ar fáil chun tacú leis an tsamhail nua nach bhfaighidh aon scoil leithdháileadh acmhainní múinteoireachta don oideachas speisialta a bheidh níos lú ná an leithdháileadh iomlán a bhí á fháil ag an scoil faoi na leithdháiltí TF/TBT agus CNOS mar a bhí don scoilbhliain 2016/17 (leithdháileadh do Riachtanais Speisialta Oideachais Ardmhnicíochta san áireamh).

Cinntoidh na hacmhainní go mbeidh gach scoil ábalta leanúint ag freastal ar riachtanais speisialta oideachais agus tacaíocht foghlama gach scolaire sa scoil.

Gheobhaidh scoileanna a bhfuil sé i gceist go mbeidh leithdháiltí méadaithe acu ó Mheán Fómhair 2017, faoin tsamhail athbhreithnithe, bunaithe ar phróifílí na scoile, leithdháiltí breise ó Mheán Fómhair 2017 agus coimeádfaidh siad iad seo go dtí go dtarlaíonn an chéad athphróifiliú eile.

Do scoileanna a mbeadh laghdú le fáil acu mar ghnáthnós ó Mheán Fómhair 2017, i ngeall ar an tsamhail athbhreithnithe agus bunaithe ar a bpróifílí scoile, coimeádfaidh said leithdháiltí scoile 2016/17 agus coimeádfaidh said iad seo go dtí go dtarlaíonn an chéad athphróifiliú eile.

Mar thoradh ar na hacmhainní breise atá á gcur ar fáil chun tacú leis an tsamhail seo ní chaillfidh aon scoil acmhainní teagaisc don oideachas speisialta, nuair a thagann an tsamhail seo isteach, ach cuirfear acmhainní breise ar fáil do scoileanna nuair a léiríonn an phróifíl riachtanais mhéadaithe.

Tarlóidh aon athruithe ar leithdháiltí scoileanna sa todhchaí de réir a chéile, agus cuirfear san áireamh athruithe i rollacháin na scoile, agus an daonra scolairí , ar a n-áirítear an líon scolair ísa chatagóir le riachtanais chasta, ón uair a rinneadh na leithdháiltí a fhorbairt ar dtús.

3. Athbhreithniú ar an tSamhail

Nuair a bhí samhail nua don dáileadh ar mhúinteoirí oideachas speisialta do scoileanna á mholadh, mhol Tuarscáil Ghrúpa Oibre CNOS (2014) go bhfágfaí na tacaíochtaí breise teagaisc ar fáil, i dtosach, ar feadh tréimhse dhá bhliana.

Dá bhrí sin, fágfar na leithdháiltí i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain ar a laghad agus, ina dhiaidh sin, beidh leithdháiltí próifílithe athbhreithnithe le cur i bhfeidhm i scoileanna ó Mheán Fómhair 2019.

4. Cúlra

Cuireadh an córas reatha chun acmhainní breise teagaisc a dháileadh ar scoileanna, bunaithe ar iarratais bhailí do thacaíocht bhreise teagaisc do dhaltáí le riachtanais speisialta oideachais, i mbunscoileanna príomhshrutha, i bhfeidhm ar dtús i 1999 (*Ciorclán 08/99*).

Rinne an córas seo leibhéal éagsúla uaireanta teagasc acmhainne a dháileadh ar scoileanna do dhaltáí a raibh riachtanais measúnaithe oideachas speisialta acu. Rinneadh an scéim a athbhreithniú agus a leasú i 2002 agus 2003 trí *Chiorcláin 08/02* agus *24/03*. Faoi théarmaí na gCiorclán seo, rinneadh tacaíocht teagasc acmhainne a dháileadh ar dhaltáí gnáthranganna i scoileanna príomhshrutha a raibh míchumais foghlama measúnaithe acu de réir an leibhéal tacaíochta a bhain leis an gcatagóir míchumais sin.

Rinneadh na próisis do dháileadh teagasc acmhainne, mar a bhí sna Ciorcláin seo, a chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna freisin, cé nár eisíodh Ciorcláin faoi leith go dtí gur eisíodh Ciorcláin ROS 10/2012 agus 70/2014.

Bhí soláthar i gCiorclán 10/2012 do leibhéal ar leith uaireanta teagasc acmhainne ardmhnicíochta d'iar-bhunscoileanna.

Tá sonraí leagtha amach i gCiorclán 70/2014 don phróiseas do leithdháileadh acmhainní d'iar-bhunscoileanna agus tá treoir ar fáil ann d'iar-bhunscoileanna príomhshrutha chun na hacmhainní teagaisc do dhaltáí a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise teagaisc a dháileadh agus a eagrú.

Ón scoilbhliain 2012/13 ar aghaidh, méadaíodh an Leithdháileadh do Thacaíocht Foghlama d'Iar-Bhunscoileanna chun soláthar ginearálta a dhéanamh freisin ar Thacaíocht do Bhéarla mar Theanga Breise

(BTB) mar atá sna sceidil don soláthar foirne bliantúil d'iar-bhunscoileanna ó 2012/13 ar aghaidh, an ceann is déanaí acu siúd ná 01/2016 (Pobal agus Cuimsitheach) 02/2016 (Boird Oideachais agus Oiliúna) agus 03/2016 (Iar-Bhunscoileanna). Fuair scoileanna, a raibh a lán scolairí le riachtanais tacaíochta BTB acu, leithdháiltí breise teagaisc freisin chun freastal ar an dlús riachtanas seo agus leanfar leis an soláthar seo.

Cuirfidh an tsamhail leithdháilte nua leithdháiltí ar fáil bunaithe ar riachtanais phróifílithe gach scoile, agus tiocfaidh a leithéid i bhfeidhm in ionad an córas leithdháilte TF/BTB d'iar-bhunscoileanna atá ann faoi láthair mar aon le leibhéil chinnte leithdháiltí do thacaíocht ardmhnicíochta agus do leithdháiltí Íosmhnicíochta ó CNOS, más cuí.

Dá réir sin, tagann an Ciorclán seo in ionad Chiorcláin ROS 70/2014 agus 010/2012 agus in ionad na soláthairtí mar atá i gCiorclán ROS 01/02/03 2016, maidir le leithdháiltí don Tacaíocht Foghlama.

Tá an Ciorclán seo ann freisin in ionad na soláthairtí atá i gCiorcláin 08/99, 08/02, 24/3 agus 02/05.

5. Treoir Polasaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, faoin Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachas 2004, comhairle polasaí a chur ar fáil don Aire Oideachais faoin oideachas do pháistí agus do dhaoine eile le míchumais nó le riachtanais speisialta oideachais.

Chuir an CNOS comhairle polasaí ar fáil i 2013 *'Ag Tacú le a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu Scoileanna'* a thug le fios go bhféadfadh éagothromasacht a bheith ag baint le heilimintí den mhúnla a bhí i bhfeidhm chun tacaíochtaí do theagasc acmhainne Riachtanais Speisialta a dháileadh.

http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/Ag-Tacu-11_08_13WEB-ACCESSIBLE-FINAL-IRISH.pdf

Thuairiscigh an CNOS ach go háirithe go raibh:

- An córas leithdháilte a bhí ann éagothrom, mar go bhféadfadh go mbeadh moill ar an tacaíocht do roinnt leanaí mar thoradh ar mhoill measúnachtaí a rochtain, a bhfuil gá leo chun uaireanta Teagaisc Acmhainne a dháileadh

- An tSamhail Leithdháilte Ghinearálta (GAM) a úsáidtear chun múinteoirí Tacaíocht Foghlama a dháileadh éagthrom mar gur beag aird a thugtar ar na riachtanais éagsúla ag scoileanna éagsúla, toisc go ndéantar na leithdháiltí i ngach scoil ar bhonn líon na múinteoirí príomhshrutha
- Fíor bhaol ann go bhfuil diagnóisí riachtanas speisialta oideachais faighte ag scolaire ar mhaithe le leithdháileadh acmhainne seachas gá a bheith lena leithéid de dhiagnóisí ar chúiseanna cliniciúla
- Speictream cumais agus míchumais laistigh de gach catagóir riachtanas speisialta oideachais. Déanann an córas reatha an leibhéal céanna tacaíochta a dháileadh ar dhaltáí i gcatagóirí áirithe riachtanais speisialta oideachais cé go bhféadfadh riachtanas tacaíochta níos mó a bheith ag dalta amháin seachas ag dalta eile, ach an míchumas céanna acu.

Tar éis na comhairle polasaí seo a fhoilsiú , bhunaigh an CNOS Grúpa Oibre chun moltaí do shamhail nua, bunaithe ar an gcomhairle polasaí, a fhorbairt. I 2014, mhol Tuarascáil an Ghrúpa Oibre: *Soláthar do Dhaltáí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: An Múnla Nua atá Beartaithe Maidir le hAcmhainní Teagaisc a Leithroinnt ar Dhaltáí a Bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2014)* http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/Solathar-do-Dhaltai-17_06_14web-accessible-Irish.pdf gur chóir samhail nua a chruthú chun tacaíochtaí a dháileadh bunaithe ar riachtanais oideachais phróifílithe na scoile seachas an tsamhail mar atá don leithdháileadh ar Mhúinteoirí Riachtanais Speisialta.

Moltar go ndéanfar feasta an leithdháileadh ar thacaíochtaí breise teagaisc do scoileanna bunaithe ar phróifíl oideachasúil na scoile, agus dhá chomhpháirt sa phróifíl sin:

- Bunlíne, mar chomhpháirt amháin, a chuirfear ar fáil do gach scoil príomhshrutha chun tacú le cuimsiú, cabhrú le deacrachtaí foghlama agus luath-idirghabháil, agus
- Próifíl oideachais scoile, mar chomhpháirt eile, a chuireann san áireamh:
 - An líon scolairí le riachtanais chasta atá cláraithe sa scoil
 - Riachtanais tacaíocht foghlama na scolairí mar a léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe
 - Comhthéacs sóisialta na scoile ar a n-áirítear míbhuntáiste agus inscne

Beidh leithdháileadh níos cothroime ag gach scoil ón gcomháireamh ar leithdháileadh bunlíne bunaithe ar rolluithe scoile agus ar leithdháileadh próifílithe mar aithnítear an gá ag gach scoil le leithdháileadh do

thacaíocht riachtanais speisialta, ach a chuireann leithdháileadh céimnithe ar fáil a chuimsíonn an leibhéal riachtanas reata nú measta agus comhdhánamh na scolairí i ngach scoil ar leith.

Beidh na leithdháiltí seo, a bheidh ar fáil do scoileanna ó Mheán Fómhair 2017, bunaithe ar leithdháiltí próifílithe gach scoile ar leith, agus déanfar iad sin a áireamh mar seo a leanas:

6. Bunlíne don chomhpháirt d'iar-bhunscoil príomhshrutha chun tacú le cuimsiú, deacrachtaí foghlama a chosc agus luath-idirghabháil

Mhol an Grúpa Oibre go gcruthófaí bunlíne leithdháilte acmhainní teagaisc do gach scoil príomhshrutha, dáilte de réir líon iomlán na scoil sa scoil, agus go mbeadh a leithéid mar chomhpháirt lárnach den tsamhail nua.

Cinntoidh leithdháileadh na bunlíne go ndéanfar íosmhéid acmhainní teagaisc a dháileadh ar gach scoil chun tacú leis an gcuimsiú, le cabhrú le deacrachtaí foghlama agus leis an luath-idirghabháil. Tacaíodh an bunlíne seo le scoileanna polasaithe agus cleachtas uile-scoile a chur i bhfeidhm le híoslaghdú a dhéanamh ar teacht chun cinn gnóthachtáil íseal agus deacrachtaí foghlama. Tá an bunlíne a thabhairt mar aon leis na hacmhainní a áireofar faoi na heilimintí eile a úsáidfeadh chun próifíl oideachais na scoile a chruthú.

Cinntoidh an dáileadh bunlíne gur féidir le scoileanna leanúint ar aghaidh le scolairí a bhfuil riachtanais bhreise acu a chlárú agus a thacú thar na tréimhse ina bhfanann an phróifíl i bhfeidhm agus go dtí go ndéantar aon athbhreithniú ar phróifíl na scoile.

Is ionann leithdháileadh bunlíne phróifíl gach scoile agus 20% den líon foriomlán poist tacaíochta Acmhainní/Foghlama a leithdháileadh ar scoileanna don bhliain scoile 2016/17, arna n-athdháileadh go cothrom idir na scoileanna uile, bunaithe ar uimhreacha rollaithe gach scoil don bhliain 2015/16, ós rud é gurb iad sin na mionsonraí rollaithe iomlán is déanaí atá ar fáil.

Ba chóir a thuiscint nach féidir an leithdháileadh bunlíne faoin tsamhail nua a chur i gcomparáid leis an Tacaíocht Foghlama ná leis na leithdháiltí ginearálta do mhíchumais Ardmhinicíochta a fuarthas faoin seanchóras. Samhail iomlán nua agus éagsúl í seo, ní hathchóiriú simplí ar an tsamhail a bhí ann cheana atá i gceist. Chun léargas iomlán a fháil ar an leithdháileadh breise teagaisc faoin tsamhail nua, caithfidh scoileanna breathnú ar an leithdháileadh bunlíne atá acu, mar aon leis an leithdháileadh atá le fáil acu faoi chomhpháirt na próifíle oideachais, agus is uaidh sin a bheidh an leithdháileadh iomlán le fáil acu.

Ní hionann an bhunlíne agus 20% de leithdháileadh do scoile féin ón bhliain seo caite, ach 20% d'iomlán na leithdháiltí Tacaíocht Foghlama agus Teagasc Acmhainne, athdháilte agus I gcomhréir idir scoileanna, de réir rollú na scoile.

7. Próifíl Oideachais na Scoile

7.1 An líon scolairí le riachtanais chasta atá cláraithe sa scoil

Ó Mheán Fómhair 2017, chun an tsamhail leithdháilte nua a thabhairt isteach, baineadh úsáid as leithdháiltí 'Íosmhinicíochta' CNOS a rinneadh do gach scoil le linn na scoilbhliana roimhe sin, 2016/17, chun comhpháirt na riachtanais chasta den tsamhail leithdháilte nua a bhunú do gach scoil.

Áirítear mar chuid de na leithdháiltí seo aon leithdháiltí breise do thacaíocht Múinteoireachta Acmhainne a fuair scoileanna i 2015 agus 2016 chun tacú le scolairí le siondróm Down a bhí sa raon míchumas foghlama ginearálta éadrom agus nach raibh san áireamh cheana do leithdháiltí Íosmhinicíochta.

Aithnítear anseo dáileadh atá ann cheana i gcás scolairí a raibh riachtanais speisialta oideachais suntasacha acu, mar atá sainmhínithe cheana ag an gcatagóiriú íosmhinicíocht, thar chóras na scoile.

Ciallaíonn sé seo, nuair a thagann an tsamhail leithdháilte nua isteach agus go dtí go ndéantar na leithdháiltí a athbhreithniú, nach mbeidh leithdháileadh chun tacú le scolairí le riachtanais chasta ag aon scoil a bheidh níos lú ná an leithdháileadh a bhí faighte acu chun tacú le scolairí le riachtanais speisialta oideachais Íosmhinicíochta sa scoilbhliain 2016/17.

Ciallaíonn sé seo nach mbainfear de scoileanna aon leithdháileadh do dhalta, atá tugtha ag an CNOS, má fhanann an dalta sa scoil.

Cé go bhfuil discríd níos mó ag scoileanna faoin tsamhail nua sa tslí inar feidir na hacmhainní a dháileadh, bunaithe ar riachtanais aonair na scolairí, níor tharla aon lagduithe ar leithdháiltí scoileanna i gcás scolairí a raibh leithdháiltí riachtanais speisialta Íosmhinicíochta á fháil cheana acu.

Tá múnla á cheapadh ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachas (NEPS), chun

scoláirí a bhfuil riachtanais chasta acu a shainaithe. Eiseofar treoir bhreise d'iar-bhunscoileanna maidir leis seo.

Ar mhaithe leis an múnla nua leithdháilte a thabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2017, coimeádfar leithdháiltí 'Íosmhínicíoch' an CNOS don scoilbhliain 2016/17 chun soláthar a dhéanamh do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta acu.

Maidir leis an gcéad athphróifílú eile den tsamhail, beidh scolairí a bhfuil Riachtanais Chasta nua-aitheanta acu san áireamh sa leithdháileadh athbhreithnithe seo, lúide fágóirí scoile ar bith atá sa chatagóir seo, móide leithdháileadh breise le haghaidh iontrálaithe ar bith nua sa chatagóir um riachtanais chasta, thar an tréimhse ama ó rinneadh próifílí scoile a fhorbairt den chéad uair, go dtí an t-am a ndéanfar athphróifílú ar an tsamhail arís. Sa chomhthéacs seo, beidh an riachtanas ar scoileanna an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a chur ar an eolas faoi fhágóirí scoile mar ghné de na socruithe athbhreithnithe.

7.2 Torthaí Trialacha Caighdeánaithe

I dtuarascáil ghrúpa oibre na CNOS ba í an tuairim a léiríodh ná go gcruthaíonn sonraí ó thrialacha caighdeánaithe bonn leathan agus oibiachtúil chun difríochtaí idir scoileanna a aithint ag leibhéal ghnóthachtálacha iomlán an dalta.

Moladh sa tuarascáil gur chóir torthaí ó scrúduithe caighdeánaithe a úsáid chun próifílí oideachasúla scoileanna a fhorbairt, mar go mbíonn nasc díreach acu le gnóthachtáil oideachasúil na scolaire sna scoileanna.

Cinntoidh úsáid na scór ó thrialacha caighdeánaithe go n-áirítear i bpróifíl oideachais na scoile scolairí le gnóthachtáil íseal sa litearthacht agus san uimhearthacht, ina measc na scolairí a mbíonn tionchar ag a riachtanais speisialta oideachais ar na leibhéal ghnóthachtálacha a bhíonn acu sa bhfoghlaim.

Ciallaíonn úsáid sonraí ó thrialacha caighdeánaithe go dtugann an phróifíl scoile aird, ní hamháin ar líon na scolairí sa scoil, ach ar riachtanais fhoghlama na scolairí sa scoil sin freisin, mar a bhíonn le feiceáil ó na leibhéal ghnóthachtálacha.

Mhol an Grúpa Oibre, ar mhaithe le próifíl oideachais na scoile a fhorbairt, gur chóir torthaí ó thrialacha caighdeánaithe don Mhatamaitic agus don Bhéarla, nó don Ghaeilge, a úsáid do ghnóthachtáil na scolairí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Cinnteadh sé seo go dtabharfaidh leithdháiltí próifílithe scoileanna aird ní hamháin ar líon na scolairí i ngach scoil ach ar riachtanais fhoghlama a scolairí freisin, mar a bhíonn léirithe sa ghnóthachtáil ó thrialacha caighdeánaithe.

Toisc nach bhfuil sonraí do thrialacha caighdeánaithe ar fáil fós d'iar-bhunscoileanna, tá úsáid á baint as torthaí scrúduithe Béarla agus Matamaitice an Teastas Shóisearaigh do 2013 agus 2014 agus 2015. Tugann na torthaí scrúduithe don Bhéarla agus don Mhatamaitic léiriú ar na scóir don ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht agus tá siad seo curtha i dtreo ag an bhForas Taighde ar Oideachas ar bhonn céimnithe chun luach a chruthú do gach scoil.

Léiríonn líon na scolairí ag na cen leibléid seo méid na riachtanas foghlama sa scoil.

Tugann an leithdháileadh a bheidh á fháil ag an scoil aitheantas do seo.

D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith ag baint leis na riachtanais fhoghlama a léiríonn scóir níos ísle i dtrialacha, ar nós líon níos mó scolairí le riachtanais speisialta oideachais a bheith ag scoileanna, ó chúlraí faoi mhíbhuntaiste, nó nach bhfuil Béarla mar chéad theanga acu.

Sa tsamhail leithdháilte don Tacaíocht Foghlama a bhí ann cheana, a bhí bunaithe go príomha ar mhéid na scoile, níor cuireadh riachtanais fhoghlama na scolairí, ná próifíl scolaire na scoile, san áireamh.

Sin í an chúis gur mhol an CNOS go ndéanfaí leithdháileadh próifílithe a bhronnadh ar scoileanna ina ndéanfaí na torthaí ar thrialacha caighdeánaithe a chur san áireamh.

Dá bhrí sin, tugann na leithdháiltí a bheidh á fháil ag scoileanna don scór ar thrialacha caighdeánaithe léiriú ar leibhéal na riachtanas foghlama mar atá i ndáiríre i ngach scoil.

Nuair a bhíonn an ghné seo de phróifíl oideachais na scoile á áireamh, lena dheimhniú nach ngearrtar pianós ar scoileanna sa ghearrthréimhse má fheabhsaíonn an ghnóthachtáil, baintear úsáid, do chéad thréimhse an tsamhail leithdháilte nua, as comhiomlán torthaí na scoile don Teastas Sóisearach thar 2013, 2014, agus 2015.

Don athphróifiliú ar an tsamhail sa todhchaí, bainfear úsáid as sonraí uasdhátaithe do chomhiomlán riachtanais na scoile don tacaíocht foghlama, rud a chinnteoidh go ndéanfar pictiúr cruinn de phróifíl na

scoile a fhorbairt thar thréimhse ama agus nach ngearrfar pianós ar scoileanna má tharlaíonn feabhsúcháin nó luaineachtaí i ngnóthachtaí na scoile thar thréimhse ama.

7.3 Comhthéacs Sóisialta: Míbhuntáiste

Luaigh Grúpa Oibre CNOS gur féidir le comhthéacs sóisialta scoile dul i bhfeidhm go láidir ar leibhéal na riachtanas tacaíochta foghlama a bhíonn ag scoil.

Luaigh an Grúpa Oibre, agus iad ag tagairt do na sonraí i *Ag Fás Aníos in Éirinn*, go ndearna an Chomhairle um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), anailís ar na héagsúlachtaí i leitheadúlacht na riachtanas speisialta oideachais thar aicmí sóisialta agus réimeanna ioncaim. Léiríodh dóibh go raibh céatadán na n a thuairiscigh múinteoirí riachtanais speisialta oideachais a bheith acu i bhfad níos mó i scoileanna a bhí ag freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Ag eascairt ón taighde a bhí ar fáil, ba í conclúid an Ghrúpa Oibre go mbaineann bailíocht le comhthéacs sóisialta na scoile a úsáid chun próifíl oideachais na scoile a fhorbairt, mar go mbíonn nasc idir comhthéacs shocheacnamaíoch agus minicíocht riachtanais speisialta oideachais áirithe.

Dá bhrí sin tá dáileadh áirithe sna leithdháiltí próifílithe do scoileanna chun freastal ar an gcomhthéacs sóisialta.

Rinneadh é seo a áireamh trí na sonraí Tarscaoileadh ar an Táille Scrúdaithe d'iar-bhunscoileanna a úsáid.

Don athphróifiliú ar an tsamhail sa todhchaí cuirfear san áireamh na foinsí eolais is fearr atá ar fáil ag am an athphróifiliú.

7.4 Comhthéacs Sóisialta: Inscne

Luaigh an Grúpa Oibre go léiríonn fianaise idirnáisiúnta go soiléir go mbíonn ardmhinicíocht riachtaras speisialta oiceadas ag buachaillí. Luaitear gur 'gné thábhachtach an inscne nuair a bhíonn próifíl oideachais na scoile á áireamh do sholáthar acmhainní breise chun tacú le scolaire le riachtanais speisialta oideachais.

Cuirtear difreálaigh inscne san áireamh mar chuid den tsamhail leithdháilte nua trí ualú beag a thabhairt don inscne bunaithe ar líon na mbuachaillí a bhíonn ag freastal ar gach scoil. Dá bhrí sin, beidh cuntas ar phróifíl inscne gach scoile, i.e. an líon buachaillí sa scoil, mar chuid den ualú.

7.5 Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Breise (BTB)

Ó 2012/13 tá roinnt soláthar ar fáil do gach scoil, mar chuid de Dháileadh don Tacaíocht Foghlama d'iar-bhunscoileanna, chun tacaíocht bhreise teagaisc a chur ar fáil don litearthacht bainteach le riachtanais Béarla mar Theanga Breise (BTB).

Tá an soláthar seo fós ar fáil sa tsamhail leithdháilte nua agus is socrú é seo a chiallaíonn go mbeidh dáileadh bunúsach ag gach scoil chun cabhrú le a bhfuil deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, ar a n-áirítear deacrachtaí a eascraíonn ó riachtanais an Bhéarla mar Theanga Breise (BTB).

Léireoidh scóir na dtrialacha caighdeánaithe, ar a bhfuil cuid den phróifíl bunaithe, na fadhbanna litearthachta atá ag. Dá réir, cuireann leithdháileadh próifílithe scoileanna riachtanais BTB na scoile san áireamh.

7.6 Leithdháiltí Breise do Scoileanna a bhfuil Comhchruinniú Ard acu a dteastaíonn Tacaíocht Teanga Breise (BTB) uathu

Nuair is féidir le scoileanna a thaispeáint go bhfuil líon ard daltaí acu a éilíonn BTB is féidir leo leanúint orthu ag cur isteach ar **Leithdháileadh Breise do Scoileanna ina bhfuil Líon Ard Daltaí a éilíonn Tacaíocht Teanga (BTB)** de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos i sceideal soláthar foirne na mbunscoileanna don scoilbhliain 2017/18.

7.7. Iar-bhunscoileanna Táille

Faoin scéim reatha leithdháilte, ní bhfuair ach scoileanna aitheanta an tsaoroideachais nó an bhlocdheontais sciar breise Thacaíocht Foghlama. Fuair na scoileanna céanna sciar ó phróiseas leithdháilte acmhainní an CNOS.

Fuair na scoileanna nach bhfuil i scéim an tsaoroideachais nó i scéim an bhlocdheontais sciar ón phróiseas leithdháilte acmhainní CNOS amháin.

Le teacht isteach na samhla nua leithdháilte, coinneoidh scoileanna a gcuid sciartha reatha mar a gcuid sciartha samhla próifílithe

Is ionann sé seo do scoileanna i scéim an tsaoroideachais nó i scéim an bhlocdheontais agus leithdháileadh CNOS agus leithdháileadh Thacaíocht Foghlama.

Do scoileanna nach bhfuil i scéim an tsaoroideachais nó i scéim an bhlocdheontais, is ionann sé seo agus a gcuid sciartha CNOS.

Bainfear úsáid as leithdháileadh reatha le leibhéal socráithe de leithdháileadh acmhainní a chruthú da leithéid scoileanna thar tréimhse na samhla phróifílithe. Ba cheart go mbeadh an líon daltaí atá ag clárú a bhfuil riachtanais chasta acu ar cóimheá tríd is tríd leis an líon daltaí atá ag imeacht a bhí sa chatagóir íosmhinicíochta de chuid teagasc bunaithe ar acmhainní i ngnáth-bhliain. Sa chás sin a léiríonn scoileanna táille gur mó go suntasach an líon daltaí atá cláraithe acu a bhfuil sainriachtanais acu ná an líon daltaí ag imeacht a bhfuil sainriachtanais íosmhinicíochta acu, thar fad saoil na samhla, is féidir a leithéid de scoileanna teagmháil a dhéanamh le CNOS.

8. Iomlán an leithdháileadh próifílithe

Tá sé i gceist go gcinnteoidh an leithdháileadh próifílithe iomlán atá á sholáthar leibhéal áirithe tacaíochta teagaisc don oideachas speisialta i ngach scoil ionas gur féidir tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do gach scolaire sa scoil na scolairí a thoirfadh sa todhchaí san áireach a bhfuil riachtanais aitheanta acu.

Faoin tsamhail leithdháilte nua, déanfaidh scoileanna scolairí don tacaíocht bhreise teagaisc a aithint de réir na dTreoirínte do Chontanam na Tacaíochta, agus de réir na Treorach a thagann leis an gCiorclán seo.

Úsáidfídh múinteoirí agus Príomhoidí Scoile breithiúnas gairmiúil nuair a bhíonn na prionsabail atá sna Treoirínte do Chontanam na Tacaíochta in úsáid acu sa scoil.

Tá sé i gceist leis an leithdháileadh bunlíne, mar chuid den leithdháileadh próifílithe iomlán, go mbeidh ar chumas scoileanna leanúint le scolairí a chlárú a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.

Tá mionsonraí faoin tslí ina ndéantar an dáileadh próifíle iomlán a chur i bhfeidhm do na hiarbhunscoileanna go léir ar fáil in Aguisín 1.

9. Rollú Scolairí le Riachtanais Speisialta Oideachais

Deimhníonn na hacmhainní suntasacha breise atá curtha ar fáil, chun cabhrú leis an tsamhail nua a thabhairt isteach, go bhfuil dáiltí breise faighte ag scoileanna a bhfuil riachtanais shuntasacha breise léirithe ag a bpróifílí do Mheán Fómhair 2017.

Ar aon dul leis sin, maidir le scoileanna a raibh laghdú le teacht ar na leithdháiltí dóibh, bunaithe ar a bpróifílí scoile, ach a bhfuil na laghduithe faoi chosaint lena dheimhniú go bhfaigheann siad leithdháiltí ar chomhchéim lena bhfuair said i 2016/17 do riachtanais speisialta oideachais agus do thacaíocht foghlama, tá na soláthairtí breise á gcur ar fáil ar an mbonn nach ndiúltófar aon dalta a chlárú mar thoradh ar riachtanais speisialta oideachais a bheith acu.

I gcúinsí ina ndiúltaíonn scoileanna scolairí a chlárú, mar gheall ar riachtanais speisialta oideachais atá acu, agus beag beann ar an soláthairtí reachtúla atá i bhfeidhm faoi láthair, nó atá le teacht, beidh sé mar cheart ag an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na soláthairtí Leithdháiltí Tacaíochta Teagaisc do Riachtanais Speisialta Oideachais do scoileanna nach gcláraíonn a leithéid de dhaltáí.

10. Measúnachtaí Sláinte agus Gairmiúla

Ba chóir leanúint le measúnachtaí sláinte nó síceolaíochta a úsáid, má bhíonn fáil orthu, chun cabhrú le riachtanais an dalta a mhíniú, chun tuiscint níos fear a fháil ar nádúr na ndeacrachtaí, agus chun eolas a sholáthar do na idirghabhálacha éagsúla. Ní bheidh gá feasta lena leithéid de mheasúnú, ná de dhiagnóis do dhaltáí chun acmhainní breise oideachasúla teagaisc a rochtain i scoileanna, ná ní bheidh ar scoileanna measúnachtaí a chur isteach go bliantúil chun iarratas a dhéanamh ar acmhainní breise teagaisc.

Cruthóidh sé seo laghdú suntasach ar an riarachán do scoileanna mar nach mbeidh orthu teacht ar mheasúnachtaí nó iarratais a dhéanamh go bliantúil go dtí an CNOS chun soláthar acmhainní breise teagaisc a dheimhniú sa scoil.

Cuirfidh sé deireadh le moill na leithdháiltí. Ní chuirfear moill ar thuairiscí a aimsiú a d'fhéadfadh, san am atá thart, rochtain na dtacaíochtaí foghlama riachtanacha a shéanadh.

Coimeádfaidh scoileanna a bpróifílí iomlána scoile, go dtí go ndéantar na próifílí a athbhreithniú, beag beann ar scolairí le measúnachtaí riachtanais speisialta oideachais a bheith ag fágáil nó ag teacht isteach sa scoil le linn na tréimhse ina bhfanann an leithdháileadh próifílithe i bhfeidhm.

Táthar ag súil go mbeidh an líon a fhágann na scoile, a raibh tacaíocht foghlama nó tacaíocht acmhainne teagaisc á fháil acu, mórán mar an gcéanna leis an méid a bheidh á gclárú ar na rollaí sa tréimhse chéanna.

Leanfaidh na próifílí scoile mar atá le linn na tréimhse seo mar aitheantas do ghnáthghluaiseacht thar thréimhse an tsamhail.

Ní dhéanfar próifílí a uasdhatú sa chéad dá bhliain den tsamhail mar aitheantas do rollacháin nua nó do riachtanais nua ag a bhíonn ag freastal ar an scoil, ach i gcás na gcúinsí ar leith a bhaineann le hachomhairc mar atá luaite i gCuid 11.

Cuirfear san áireamh aon difreálaigh i bpróifíl na scoile don chéad athbhreithniú eile ar phróifílí scoile.

Is féidir leis an scoil tacaíocht bhreise teagaisc a dháileadh ar dhaltaí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu trí úsáid a bhaint as measúnú scoilbhunaithe, as Contanam Tacaíochta NEPS agus as an Treoir atá curtha ar fáil do scoileanna. Is féidir le scoileanna leas a bhaint freisin as tuairiscí gairmiúla má bhíonn fáil orthu.

Faoin tsamhail nua, ba chóir do dhalta tacaíocht bhreise teagaisc a fháil bunaithe ar na riachtanais foghlama aitheanta a bhíonn acu, seachas ar dhiagnóis mhíchumas go príomha.

11. Próiseas Achomhairc

Beidh an CNOS ag cur scoileanna ar an eolas faoi leithdháileadh trí litir agus tríd an suiorch gréasáin I Marta 2017.

Cuirfear scoileanna ar an eolas faoi na sonraí a bhaineann leis an bpróiseas achomhairc nuair a bhíonn leithdháiltí seo á gcur ar fáil.

12. Scólairí don Tacaíocht a Aithint

Tá cur síos i gCuid B den Treoir a thagann leis an gCiorclán seo ar an tslí inar chóir do scoileanna do thacaíocht foghlama breise a aithint sna scoileanna.

Go hachomair, nuair a bhíonn scólairí á aithint don tacaíocht, ba chóir don scoil díriú orthu seo a leanas:

- Trialacha caighdeánaithe a úsáid chun gnóthachtáil scólairí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a scagthástáil agus a aithint. Ba chóir tosaíocht don leibhéal is airde tacaíochta a thabhairt do dhaltáí faoi bhun an 10^ú peircintíl.
- Scólairí a raibh tacaíocht á fháil acu cheana ó mhúinteoir acmhainne nó tacaíocht foghlama agus a bhfuil deacrachtaí foghlama suntasacha acu go fóill.
- Scólairí a n-aithnítear riachtanais shuntasacha a bheith acu trí phróiseas a bhaineann le measúnú agus idirghabháil leanúnach mar atá sa phróiseas do chontanam tacaíochta (ROS, 2010). Beidh an fhianaise air seo le fáil ó mheasúnú scoilbhunaithe ar ghnóthachtáil, agus ó fheidhmiú iompraíoch, shóisialta agus mhothúchánach agus ó mhonatóireacht leanúnach ar thorthaí foghlama. Ba chóir do scoileanna na riachtanais mar atá i dtuairiscí gairmiúla, más ann dóibh, a chur san áireamh freisin.
- Scólairí le riachtanais oideachasúla éadroma nó neamhbhuana ar a n-áirítear iad siúd le deacrachtaí urlabhra agus teanga, sóisialta nó mothúchánach, nó le deacrachtaí comhordaithe no smacht airde. a bhfuil sainriachtanais foghlama ar leith acu.
- Scólairí le Riachtanais Speisialta Oideachais shuntasacha. Mar shampla, le riachtanais suntasacha foghlama, iompraíoch, mhothúchánach, fhisiceacha agus chéadfacha. Tá gá ag na scoileanna seo le tacaíocht

bhreise teagaisc toisc go bhfuil gá acu le cláir foghlama ard-aonair agus ard-difreáilte atá curtha in oiriúint dá riachtanas.

- Scólairí le riachtanais eile, ar chóir do scoileanna breathnú go géar orthu, mar go mb'fhéidir gur léir raon deacrachtaí foghlama a bheith acu agus go mb'fhéidir go bhfuil cosc mór, da réir, ar fhoghlaim an Scólairí agus ar a c(h)umas an curaclam a rochtain.
- Scólairí a bhfuil riachtanais bhreise litearthachta nó foghlaim teanga acu, ar a n-áirítear a bhfuil gá acu le Tacaíocht Bhreise do theanga an Bhéarla.
- I scoileanna ina múintear na hÍbhair tri geailge is féidir an tacaíocht a thugann scoileanna do scólairí lena bhforbairt sa litearthacht a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla, nó sa dá theanga, de réir mar a mheasann an scoil é a bheith riachtanach.

Ba chóir go mbeadh tréine na tacaíochta bhreise a bhíonn á sholáthar do dhaltaí ísealghnóthachtála agus do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais bunaithe ar na riachtanais atá acu agus ba chóir go gcuirfí an tacaíocht ar fáil go hidirdhealaitheach thar phróiseas chontanam na tacaíochta.

13. Ról an Mhúinteora Ranga

In Alt 22 (1) den Acht Oideachais 1998 luaitear príomhról an mhúinteora in oideachas agus i bhforbairt pearsanta na scólairí i scoileanna. Tá an múinteoir ranga freagrach as oideachas a chur ar gach scólaire ina rang, ar a n-áirítear aon dalta le riachtanais speisialta oideachais. Is ar an múinteoir atá an príomhfhreagracht do dhul chun cinn agus do chúram gach scólaire ina rang, ar a n-áirítear scólairí le riachtanais speisialta oideachais.

Is í freagracht an mhúinteora ranga ná a dheimhniú go ndéantar gach scólaire a theagasc i dtimpeallacht ranga spreagúil agus tacúil agus go mothaíonn gach scólaire cothromaíocht agus meas. Beidh fáil ag an múinteoir ar aon eolas ábhartha do theagasc nó do mhaoirseoireacht scólairí le riachtanais speisialta oideachais.

Mar atá sa Chontanam do Threoirlínte Tacaíochta, is féidir leis an múinteoir eolas a bhailiú ar bhealaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla, chun bonn eolais a bheith leis na hidirghabhálacha. Bíonn ról lárnach, freisin, ag an múinteoir ranga maidir le le riachtanais bhreise a aithint agus freastal orthu, ina measc an curaclam a idirdhealú de réir mar is gá. Beidh eolas agus cúnaimh ag an múinteoir ón gcomhoibriú le

comhghleacaithe, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daoine eile ar nós síceolaí NEPS na scoile, agus an tEagraitheoir Riachtanais Speisialta Oideachas go háitiúil.

Cuirfidh an múinteoir ranga socruithe ar leith i bhfeidhm do dhalta sa rang freisin nuair a bhíonn inní maidir le dul chun cinn, dúthracht, cumarsáid, iompar nó idirphlé le comhscoláirí, agus déanfar clár don teagasc difreáilte a fhorbairt don scolaire sin.

14. Tacaíocht Bhreise Teagaisc

Tá a lán scolairí a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise teagaisc ar scoil.

Ina leithéid de chásanna, beidh tacaíocht le fáil ag an múinteoir ranga ó na Múinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais, a mbeidh oiliúint bhreise san oideachas speisialta ar fáil dóibh, agus a bheidh ag obair go dlúth leis an múinteoir ranga chun tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do scolairí le riachtanais speisialta oideachais.

Déanfaidh an múinteoir ranga, de réir mar is gá agus i gcomhairle leis an Múinteoir Riachtanais Speisialta Oideachais, na bealaí inar féidir an curaclam a dhifreálú nó a chur in oiriúint do riachtanais scolairí aonair a mheas. B'fhéidir go mbeidh gá freisin na straitéisí teagaisc agus na cláir is oiriúnaí a aithint chun freastal ar riachtanais an scolaire, agus breathnú maidir le tacaíochtaí breise teagaisc a sholáthar. Go hiondúil, pléifear leis na tuismitheoirí mar chuid den phróiseas seo.

15. An cineál teagaisc is féidir a sholáthar

Is féidir tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar ar bhealaí éagsúla. Is féidir leis an múinteoir tacaíochta teagaisc a bheith ag obair seomra ranga leis an múinteoir ranga nó scolairí a aistharraingt i ngrúpaí beaga agus/nó go haonair ar feadh tréimhsí ama (ag brath ar nádúr na riachtanas ag scolairí) don diantheagasc ar phríomhscileanna.

Ba chóir go n-áireofaí, i measc raon na dtacaíochtaí teagaisc, teagasc foirne, teagasc i ngrúpaí beaga, agus, más gá, teagasc aonair chun freastal ar shainriachtanais foghlama.

Is féidir freastal ar na sainriachtanais foghlama ar bhealaí éagsúla agus ní cóir gur aistarraingt ón rang do theagasc duine le duine nó do ghrúpteagasc an t-aon rud a bhíonn i gceist. Léiríodh gur cur chuige oiriúnach é an teagasc foirne chun plé le riachtanais aonair i suíomh ranga iomlán. Is féidir a leithéid a dhéanamh taobh le taobh, de réir mar is gá, le scolairí a thógaint amach don dianteagasc ar scileanna ar leith, bunaithe ar leibhéal an riachtanais.

Nuair nó trí thacaíocht teagaisc a fháil tri teagaisc aonair, go lionduil bíonn scolairí in am níos mó tacaíochta a fháil.

16. Leithdháileadh Aonair

Post comhtháite atá sa Phost Tacaíochta don Oideachas Speisialta a thugann deis do scoileanna freastal ar an tacaíocht teagaisc do na riachtanais speisialta oideachais go léir as aon leithdháileadh amháin.

Ní leanfaidh, ó Mheán Fómhair 2017, an t-idirdealú a bhí ann cheana idir Poist Thacaíochta Foghlama agus Leithdháiltí Oideachas Speisialta CNOS.

Beidh leithdháileadh comhtháite, aonair amháin ag scoileanna anois do theagasc riachtanais speisialta oideachais agus beidh scoileanna ábalta na ról seo a chomhtháthú.

17. Slánú

Do scoileanna a mbeidh leithdháileadh breise á fháil acu faoin bpróiseas leithdháilte nua, déanfar na leithdháiltí a shlánú go haonaid 2.5 uaire, chun leithdháiltí scoileanna a shimpliú.

Coimeádfaidh scoileanna nach bhfuil aon leithdháiltí breise á fháil acu na leithdháiltí mar atá do 2016/17.

18. Leithdháileadh ar Phoist don Oideachas Speisialta Mhúinteoirí

Beidh Poist Mhúinteoireachta don Oideachas Speisialta le feiceáil ar sceideal na soláthairtí foirne de réir na rialacha don leithdháileadh i ngach earnáil ar leith.

19. Na Cáilíochtaí is gá do Phoist Tacaíochta don Oideachas Speisialta

Is féidir na múinteoirí seo a leanas a cheapadh:

Múinteoirí iar-bhunscoile lán-aitheanta agus lánchláraithe.

20. Líonadh na bPost

Ba chóir poist do Theagasc Oideachas Speisialta a líonadh de réir na socruithe foirne agus athimlonnaithe a bheidh leagtha amach sna Ciorcláin don Soláthar Foirne in Iar-Bhunscoileanna i 2017/18.

21. Leithdháileadh Múinteoirí sa Scoil

Mar aon leis na cáilíochtaí is gá, mar atá luaite in Alt 19 thuas, ba chóir don phríomhoide an fhorbairt ghairmiúil agus an saineolas atá faighte ag múinteoirí a chur san áireamh nuair a bhíonn dualgais teagaisc á dháileadh, ionas gur féidir a chinntiú go mbíonn tacaíocht ag na scolairí is mó riachtanas ó na múinteoirí a bhfuil an saineolas cuí acu, agus ar féidir leo leanúnachas tacaíochta a sholáthar.

Ba chóir do scoileanna foireann lárnach múinteoirí a bhunú agus a chothabháil do riachtanais speisialta oideachais. Ba chóir go mbeadh an taithí chúí, agus rochtain leanúnach ar fhorbairt ghairmiúil, ag baill na foirne chun tacú le riachtanais ilchineálacha na scolairí le riachtanais speisialta oideachais. D'fhéadfaí freagracht na planála don soláthar ar riachtanais speisialta oideachais sa scoil a thabhairt do bhall den fhoireann riachtanais speisialta oideachais. Ba chóir, más féidir, don mhúinteoir leis an ról planála seo forbairt ghairmiúil a bheith faighte aige/aici mar aon le cáilíochtaí aitheanta san oideachas speisialta a bheith baint amach aige/aici.

22. Acmhainní breise teagaisc a úsáid do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais

Tá gá le cur chuige scoile uile do chuimsiú éifeachtach scolairí le riachtanais speisialta oideachais. Cuirfidh a leithéid ar chumas na scoile freastal go h-éifeachtach agus go tráthúil ar riachtanais éagsúla na scolairí.

Ba chóir na hacmhainní tacaíochta a dháileadh de réir na Treorach atá ar fáil leis an gCiorclán seo.

Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go ndéantar iomlán na dTacaíochtaí bhreise Teagaisc do Riachtanais Speisialta Oideachais a úsáid chun tacú le scolairí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu, agus riachtanais don litearthacht bhreise ar nós Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Breise.

Ní féidir na hAcmhainní Teagaisc breise atá á sholáthar faoin tsamhail seo a úsáid don teagasc príomhshrutha ná chun an cóimheas idir scolairí agus múinteoir i ranganna príomhshrutha a laghdú.

Ma tharlaíonn go mbaintear mí-úsáid as na Tacaíochtaí Teagaisc do Riachtanais Speisialta Oideachais nó go mbíonn na hacmhainní seo in úsáid ar chúiseanna eile seachas don chuspóir atá i gceist, mar atá leagtha síos sa Chiorclán seo, beidh sé mar cheart ag an Roinn na leithdháiltí Múinteoirí do Riachtanais Speisialta Oideachais atá tugtha do scoil a athbhreithniú.

23. Gníomhaíochtaí Comhordaithe

Áirítear sa leithdháileadh soláthar don phleanáil agus do na gníomhaíochtaí comhordaithe is gá chun an úsáid is éifeachtaí agus is fearr a bhaint as de na huaireanta riachtanais speisialta oideachais a chuirtear ar fáil do scoileanna. Beidh úsáid éifeachtach na n-acmhainní ag brath ar chleachtais éifeachatacha don chlár amú a dheimhníonn leanúnachas agus a sheachnaíonn an iomarca ilroinnte ar an soláthar.

Beidh éagsúlachtaí i gceist maidir leis an méid ama a bheidh ag teastáil ó scoileanna don chomhordú agus beidh sé seo ag brath ar mhéid na scoileanna, ar an líon scolairí a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise teagaisc, agus ar an líon múinteoirí a a bheidh ag cur na tacaíochta ar fáil. Ba chóir, áfach, an méid is lú ama agus is féidir a chaitheamh ar an gcomhordú ionas go ndeimhnítear go mbíonn an méid is mó den am a bhíonn curtha ar fáil tugtha do na scolairí.

24. Pleanáil oideachasúil

Bíonn an phleanáil oideachasúil mar ghné riachtanach de chur chuige scoile uile chun freastal ar riachtanais na scolairí. Ba chóir pleananna oideachais a idirdhealú de réir riachtanas na scolairí. Ba chóir spriocanna foghlama soiléire intomhaiste a bheith sna pleananna oideachasúla, agus ba chóir go luafaí na hacmhainní agus na hidirbheartaíochtaí a bheidh in úsáid chun freastal ar riachtanais na scolairí do phróiseas an chontanaim tacaíochta. Ba chóir pleananna aonair do dhaltaí a fhorbairt trí phróiseas comhoibríoch ina mbíonn múinteoirí ábhartha, tuismitheoirí/caomhnóirí, na scolairí iad féinn agus daoine gairmiúla ó lasmuigh páirteach, de réir mar a oireann. Ba chóir athbhreithnithe rialta ar na spriocanna foghlama a bheith sa phróiseas pleanála aonair mar chuid de thimthriail leanúnach an mheasúnaithe, d'aithint spriocanna, den idirghabháil agus den athbhreithniú.

Tá fáil ag scoileanna ar threoir don phleanáil oideachasúil agus do mhonatóireacht na dtorthaí, agus ar an tslí inar chóir an phleanáil oideachasúil a dhéanamh, trí *Chomhad Tacaíochta an Dalta atá ar fáil sa Treoir do Scoileanna: Ag Tacú le Páistí agus le Daoine Óga le Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna Príomhshrutha*.

25. Tacaíochtaí do scoileanna

Beidh fáil ar thacaíochtaí agus ar threoir bhreise do bhainistíocht agus d'fhoireann na scoile ó ghníomhaireachtaí agus ó sheirbhísí na Roinne ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus Cigireacht na ROS.

Má tá aon cheisteanna agat faoin gcioclán seo déan teagmháil le do thoil leis an Aonad Oideachas ag special.education@education.gov.ie


Is féidir an ciorclán seo a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie

Jim Mulkerrins
Príomhoifigeach
Aonad Oideachas Speisialta

7 Márta 2017

Aguisín 1: Leithdháileadh Próifíle Iomlán

Cé go mbeidh éagsúlachtaí sna leithdháiltí aonair do gach scoil ar leith, bunaithe ar an líon scolaire i ngach scoil a cháilíonn i ngach catagóir ina bhfuil leithdháileadh próifíle á dhéanamh, is mar seo a leanas a bheidh leithdháileadh na n-acmhainní iomlán don athdháileadh, bunaithe ar an tsamhail leithdháilte próifílithe d'iar-bhunscoileanna:



Bunlíne

Beidh an leithdháileadh Bunlíne de gach próifíl scoile mar 20% de líon iomlán na bpost don Tacaíocht Acmhainne/Foghlama a dháilfear ar scoileanna sa scoilbhliain 2016/17, agus iad seo athdháilte go cothrom idir gach scoil, bunaithe ar an líon i ngach scoil don scoilbhliain 2015/16, an bhliain ina bhfuil fáil ar na sonraí iomlána is déanaí.

Riachtanais Chasta

Beidh thart ar 61% de na poist Tacaíocht Acmhainne/Foghlama a bheidh ag scoileanna sa scoilbhliain 2016/17 in úsáid do chomhpháirt próifíle na Riachtanas Casta chun leanúint leis na leithdháiltí Íosmhnicíochtaí, mar atá ag iar-bhunscoileanna i 2016/17, ionas gur féidir

comhpháirt do na riachtanais chasta a chruthú chun tús a chur leis an tsamhail leithdháilte nua ó Mheán Fómhair 2017,

Torthaí Trialacha Caighdeánaithe

Is ionann agus thart ar 12% den leithdháileadh iomlán d'iarbhunscoileanna an riar acmhainní atá á sholáthar do thorthaí Trialacha Caighdeánaithe faoin bpróifíl scoile.

Míbhuntáiste

Tá thart ar 4.6% den leithdháileadh próifílithe iomlán d'iar-bhunscoileanna á chur ar fáil chun freastal ar roinnt den leithdháileadh do mhíbhuntáiste. Beidh éagsúlachtaí idir scoileanna, ag brath ar chomhthéacs sóisialta gach scoile ar leith.

Inscne

Tá thart ar 2.4 % den leithdháileadh próifílithe iomlán d'iar-bhunscoileanna á chur ar fáil chun freastal ar roinnt den leithdháileadh d'inscne.

Beidh éagsúlachtaí sa bhriseadh síos ar na próifílí idir scoileanna, ag brath ar an líon i ngach catagóir den phróifíl.